

# Lá don Bheatha 2017

[www.dayforlife.org](http://www.dayforlife.org)



## Paidir chun Muire, Máthair na Beatha Laistigh

A Mhuire, Máthair na Beatha Laistigh,  
cuirimid gach beatha faoi do chúram;  
Beatha gach máthair atá le haghaidh  
clainne

Agus beatha an linbh ina broinn:  
Beatha gach corp daonna,  
beatha gach anam daonna;  
Beatha gach naíonán nuabheirthe  
agus beatha gach duine atá ag dul in aois.  
Choinnigh tú an Tiarna gar dod' chroí féin  
agus  
theann tú é le d'ucht.

Mar sin, tarraing sinn chugat lenár  
riachtanais uile,  
A Mháthair na Beatha Laistigh.  
Áiméan.

Lá don Bheatha,  
Domhnach 1ú Deireadh Fómhair 2017

# Cultúr a Chothú a Chosnaíonn an Bheatha agus a Thugann Meas do Mhná

**Tá feachtas ann faoi láthair le hAirteagal 40.3.3 (an t-airteagal ar son na beatha) a bhaint ó Bhunreacht na hÉireann. Tá caoga bliain imithe ó ritheadh an tAcht um Ginmhilleadh 1967 i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Tá an ginmhilleadh ar fáil go dleathach faoi imthosca áirithe ar an dá thaobh den teorainn in Éirinn, cé nach bhfuil sé ar fáil chomh héasca sin in Éirinn agus atá sé sa Ríocht Aontaithe.**

Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán láithreach anseo in Éirinn, agus an caoga bliain á sonrú againn ó ritheadh an Acht i 1967 ar an oileán in aice linn, is mian linn machnamh agus guí a dhéanamh chomh maith le tacaíocht phraiticiúil mhóthúchánach a thairiscint dóibh siúd a bhfuil sé ag teastáil uathu. Guímíd, ach go háirithe, ar son siúd a chaill leanbh agus ar son siúd a bhfuil imní orthu maidir lena dtoircheas.

## Cailliúint

Is féidir leis an áthas a bhíonn ar chúpla nuair a chloiseann siad gur gaird a mbeidh siad ina dtuismitheoirí casadh chun éadóchais más breith anabái a tharlaíonn nó má tá a leanbh marbh-bheirithe.

Chaill Caroline a séú leanbh, Raphael, sa cheathrú seachtain déag dá toircheas i 2013. D'iarr sí féin agus a fear céile ar a sagart sochraid agus adhlacadh a eagrú. 'Leigheas dúinn a bhí ann nuair a bhí socrú éigin déanta againn chun ár gcaillteanas a mharcáil. Thug sé chun chuimhne dúinn gur duine réadach a bhí sa leanbh. Bhí sé tábhachtach freisin an leanbh a ainmniú. An dearcadh atá againn anois ná go bhfuil leanbh romhainn ar neamh ag guí ar ár son.'

Is minic a bhíonn dobrón ag baint le ginmhilleadh. Cuireann Laura, a raibh ginmhilleadh

aici ag ocht seachtain, cur síos ar an am, blianta ina dhiaidh sin, nuair a d'admhaigh sí go raibh deireadh curtha ag beatha aici. Tharla sé nuair a chonaic sí grúpa leanaí bunscoile agus thuig sí go mbeadh a leanbh ar an aois chéanna leo. Ba é an chéad rud eile a rinne sí ná dul chun faoistine. Deir sí: 'I dtús báire thuig mé an fhírinne faoin ghinmhilleadh. Ach i ndiaidh na faoistine, d'imigh méachan na náire agus meáchan na ciontacht ar fad go deo.'

## Atrua

Cuireann an Pápa Proinsias teagasc na hEaglaise in iúl dúinn go seasta, nuair a ghlaonn sé peaca marfach ar an nginmhilleadh. Ach cuireann sé in iúl do shagairt freisin, go n-iarrtar orthu trócaire Dé a thaispeáint i gcónaí. Léiríonn sé freisin nach bhfuil go leor déanta againn chun tacú le mná atá ag iompar clainne i gcásanna éadóchasacha, a fhéachann ar an nginmhilleadh mar réiteach tapa.

## Todhchaí

Ní fhéadfadh le Jenny aon todhchaí a fheiceáil di féin agus dá leanbh nuair a fuair sí amach go raibh sí ag iompar clainne, mar bhí sí gan dídean agus i bhfiacha. Ach d'iarr sí cabhair agus tugadh seomra di, i dteach a bhí á reachtáil ag carthanas a bhí ar son na beatha, 'Life Housing', áit a bhfuil sí ina cónaí anois lena mac, Oilibhéar. Chuir an paróiste Caitliceach áitiúil éadaí, bréagáin agus bronntanais Nollag ar fáil don leanbh, agus thug carthanas áitiúil pram agus trealamh eile ar fáil di freisin. Tugadh cabhair di a fiacha a ghlanadh agus rachaidh sí féin agus a leanbh isteach i dteach sar i bhfad, – teach troscánithe le dhá sheomra leapa. Nuair a bhí Jenny i mbaol, daoine eile a chabhraigh léi a beatha féin agus beatha Oilibhéir a shlánú.

Le daichead bliain anuas, tá Cura ag soláthar seirbhísí tacaíochta saor in aisce do mhná agus d'fhir, le linn toirchis, agus i ndiaidh breithe agus i ndiaidh ginmhille. Chun faisnéis ar a láithreacha agus ar sheirbhísí, féach [www.cura.ie](http://www.cura.ie) agus/nó fón 1850 622 626.

Déantar Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Lá ann atá tiomanta d'ardú feasachta faoin bhrí agus faoi luach beatha an duine ag gach céim agus i ngach ríocht.



Tosaíonn bronntanas linbh nua, a chuireann an Tiarna faoi chúram an athar agus na máthar, le glacadh leis an mbronntanas, agus leanann sé le cosaint a thabhairt don leanbh ar feadh a s(h)aoil go dtí a cheann sprice – an bheatha shíoraí. Agus machnamh suaimhneach á dhéanamh ar lánsástacht dhaonna gach duine, beidh níos mó eolais ag tuismitheoirí maidir leis an mbronntanas luachmhar atá tugtha dóibh. Ligeann Dia do thuismitheoirí ainm a roghnú don leanbh a úsáidfidh Sé ar feadh na síoraíochta.

(Pápa Proinsias, *Amoris Laetitia*, 166)

Iomhá: 'Waiting on Shore' dealbh mór cré-umha ag Niall Bruton, ag cuimhneamh ar na daoine a cailleadh ar muir. Tá sé ar an gcosta ag An Ros, Co. Shligigh. Roghnaíodh é mar dheall ar an dtuisicint faoi chailitheanas atá ann. Grianghraf le Carl Brennan. Úrná: [PriestsforLife.org](http://PriestsforLife.org). Le haghaidh acmhainní féach [www.chooselife2017.ie](http://www.chooselife2017.ie)



[www.catholicbishops.ie](http://www.catholicbishops.ie)